

TRÍ OIDHCHE AR NA SGÉIRDÍ.

51

Bhíodh fir na h-Airde, fadó ag dhul go Sgéirde ag marbhú cailleacha- dubha(b.óg), is broighill agus duibhéin (shay)?. Ghabh mórsheisear aca i mbád iomartha go dtí na Sgéirde. Bhí Máirtín Mac Dhonncha, athair mo mháthair, agus Micil, a dhreatháir agus cúigear eile ann. Ní bheadh aon ghraithe de bhád eile aca. Chuaidh cúigear acab amach as an mbád, i lár na h-oidhche, d'fan Máirtín agus fear eile sa mbád. Nuair a ghabh an cúigear as an mbád, is gearr gur chuala an bheirt a bhí sa mbád na gadhair ag tafann, is gearr gur thosuigh na coiligh ag blaodhach. Nuair a thosuigh na caoiligh ag blaodhach is gearr le geabha is lachain, ag cainnt comhangarach go leór dóibh. D'oibrigh an fharraige, le iompú thart B'éigin dóibh imeacht agus an cúigear a fhághail istigh ins na Sgéirde. Ní dheárnadar ach tón an bháid a thabhairt sa ngaoth agus a dhul abhaile. Bhí cóir acab agus tháinigeadar abhaile slán, lár n-a bhárach.

Bhí sé ina ghála. Chuaidh cearthrar acab i mbád seol go bfeiceadh said a raibh an cúigear a bhí ar na Sgeirdí beo. Nuair a chonnaic an cúigear a bhí ar na Sgéirde an bád, thosuígheadar ag bagairt a láimh ortha, a dhul abhaile. Chuaidh said abhaile an lá sin.

Lár na bhárach, an dara lá, bhí sé níos cineálta, ach go raibh t-oibriú mór sa bhfarraige. Chuadar siar aríst. Thugadar leob uisge agus arán, don chúigear. Chuaidh said chomh fada isteach agus d'fhéad said, agus cheangail said dorugha ar chaon mhála a raibh an dá baraille ionntab, baraille uisge agus baraille aráin. Bhí luaidh as an gceann eile den dorugha agus caitheadar isteach an luaidh d'urchar. Fuair an cúigear greim ar an luaidh agus tharraingeadar isteach an dá bharaille.

Lá ar na bhárach, an triomhaidh lá, chuaidh said amach aríst agus bhí an fharraige ciúinighthe. Bhí bád iomartha acab agus chuadar isteach agus thug an cúigear abhaile slán. Bhí cuimhse go deo éanacha marbh acab, na trí chinéal. Bhainfeadh na fir na bróga dhíob, agus mharbhuighidís na h-éin san oidhche agus iad ina gcodladh, an ceann a bhaint dhóibh. Siad na h-éanacha a choinnigh beo san oidhche iad, is iad caithte ina mullach agus choinnigh an clumhach te iad. Tá clumhach na h-éanacha farraige thar cinn. Thugadar an lucht éanacha abhaile agus d'itheadar iad.

D'éirigh sin do Máirtín nuair a bhí sé óg. Cailleadh Máirtín tuairim is leithchéad bliain ó shoin. Bhí sé blianta os cionn an chéad nuair a cailleadh é. Is i nBearn a cailleadh é. Tá sé curtha ann. Tá clan a chloinne fós ann, Tomás agus Colm. Tá mac le Tomás ina mhaighistir sgoile.

Michlín

10/03/1931

Tá cladach dána ar na Sgeirdí agus poill shocara M.